III

(Gníomhartha eile)

AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

ÚDARÁS FAIREACHAIS CSTE CINNEADH TARMLIGTHE Uimh. 264/21/COL

an 23 Samhain 2021

maidir le bearta éigeandála san Iorua i ndáil le ráigeanna d'fhliú éanúil ardphataigineach de bhun Airteagal 259(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/429 agus Airteagail 21, 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 [2022/40]

Arna cheartú an 25 Samhain 2021 ag Cinneadh Tarmligthe Uimh. 266/21/COL ó Údarás Faireacháin CSTE

TÁ ÚDARÁS FAIREACHAIS CSTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú, go háirithe Airteagail 1(2) agus 3 de Phrótacal 1 de,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear i bPointe 13. de Chuid 1.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 *maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe* ("Rialachán (AE) 2016/429"), ([1]) arna leasú agus arna n-oiriúnú do Chomhaontú LEE leis na hoiriúnuithe sonracha agus earnála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe in Airteagail 257(1), 258(1), (2) agus (3) agus 259(1)(c) de,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear i bPointe 13e. de Chuid 1.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *maidir le rialacha chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú* ("Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687"), ([2]) arna leasú agus arna oiriúnú do Chomhaontú LEE leis na hoiriúnuithe sonracha agus earnála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe in Airteagal 21, Airteagal 39 agus Airteagal 55 de,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear i bPointe 13a. de Chuid 1.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 *maidir le rialacha áirithe maidir le galair a chosc agus a rialú a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas lena mbaineann riosca suntasach maidir leis na galair liostaithe sin a leathadh* ("Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882"), ([3]) arna oiriúnú do Chomhaontú LEE leis na hoiriúnuithe sonracha agus earnála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe in Airteagail 1 agus 2 de agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis,

arna oiriúnú do Chomhaontú LEE le pointe 4(d) de Phrótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE.

([1]) Arna ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 179/2020 ó Chomhchoiste LEE an 11 Nollaig 2020.
([2]) Arna ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 3/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021.
([3]) Arna ionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 179/2020 ó Chomhchoiste LEE an 11 Nollaig 2020.

De bharr an mhéid seo a leanas:

Is galar víreasach tógálach é an fliú éanúil ardphataigineach ("HPAI") in éin agus d'fhéadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("LEE"). Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris seo a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoinnítear éanlaith chlóis nó éin faoi chuing. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin faoi chuing.

Rinneadh Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a ionchorprú sna hIarscríbhinní a ghabhann le Comhaontú LEE agus tá feidhm leo ón 21 Aibreán 2021.

Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Tagraítear do HPAI in Airteagal 9(1)(a)(i) de Rialachán (AE) 2016/429 mar ghalar liostaithe atá faoi réir na rialacha maidir le galar a chosc agus a rialú, rialacha a leagtar síos ann. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 liostaítear galar HPAI mar ghalar chatagóir A, D agus E mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Rialachán sin.

Ceanglaítear le hAirteagal 259(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ar Údarás Faireacháin CSTE ("an tÚdarás") athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta éigeandála arna nglacadh ag údaráis inniúla na hIorua de bhun Airteagal 257(1)(a) nó 258 den Rialachán céanna i gcás ráig de ghalar liostaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 9(1), lena n-áirítear HPAI ("bearta Ioruacha"). Le hAirteagal 259(1)(c), ceanglaítear ar an Údarás, i gcás ina measfaidh sé gur gá cur isteach gan údar maith ar ghluaiseacht ainmhithe agus táirgí a sheachaint, na bearta éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 257(1) lena bhformheasfar na bearta Ioruacha a ghlacadh.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar forlíonadh ar na rialacha maidir le rialú galar chatagóir A, chatagóir B agus chatagóir C a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI. Déantar foráil in Airteagal 21 den Rialachán sin maidir le criosanna cosanta agus faireachais a bhunú i gcás ráig de ghalar chatagóir A, lena n-áirítear HPAI. Cuirtear an réigiúnú sin i bhfeidhm go háirithe chun stádas sláinte na n-éan a chaomhnú sa chuid eile de chríoch na hIorua trí chosc a chur ar thabhairt isteach an oibreáin phataiginigh agus trí luathbhrath an ghalair a áirithiú.

Thug an Iorua fógra maidir le ráig HPAI in ealta béaróg ar a críoch an 12 Samhain 2021 ("an chéad ráig"). ([4]) Tá na bearta rialaithe galar is gá déanta ag údaráis inniúla na hIorua i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear criosanna cosanta agus faireachais a bhunú mórthimpeall na ráige sin.

An 18 Samhain 2021, thug an Iorua fógra faoin dara ráig ([5]) de HPAI ag gabháltas béaróg atá suite laistigh de na criosanna a bunaíodh cheana mórthimpeall na chéad ráige. Tá na bearta rialaithe galar is gá a cheanglaítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 curtha i gcrích ag údaráis inniúla na hIorua, lena n-áirítear coigeartú ar na criosanna cosanta agus faireachais atá bunaithe mórthimpeall na chéad ráige chun crios cosanta ag a bhfuil ga íosta trí chiliméadar agus crios faireachais ag a bhfuil ga íosta 10 gciliméadar a áireamh mórthimpeall an ghabháltais inar tharla an dara ráig.

D'fhonn aon suaitheadh neamhriachtanach ar thrádáil laistigh de LEE a chosc, is gá cur síos gasta a dhéanamh ar na criosanna cosanta agus faireachais a bhunaigh an Iorua i ndáil le ráigeanna HPAI.

Dá réir sin, na criosanna cosanta agus faireachais a bhaineann le HPAI san Iorua, i gcás ina gcuirtear na bearta rialaithe galar mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 i bhfeidhm, liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo lena bhformheastar bearta na hIorua de bhun Airteagal 259(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ré an réigiúnaithe sin a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

([4]) Doiciméad Uimh. 1248890.
([5]) Doiciméad Uimh. 1249847.

Tá scrúdú déanta ag an Údarás ar na bearta rialaithe galar i gcomhar leis an Iorua, agus tá sé sásta go bhfuil teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais, arna mbunú ag údaráis inniúla na hIorua, sách fada amach ó aon ghabháltas ina bhfuil ráig HPAI deimhnithe.

An 17 Samhain 2021, chuir an tÚdarás, lena Chinneadh Tarmligthe Uimh. 262/21/COL (Doiciméad Uimh. 1249845), an dréacht-Chinneadh faoi bhráid Choiste Tréidliachta agus Fíteasláintíochta CSTE ("Coiste CSTE") i gcomhréir le hAirteagail 259(1) agus 266(2) de Rialachán (AE) 2016/429. An 23 Samhain 2021, thug Coiste CSTE tuairim dhearfach uaidh maidir leis an dréacht-Chinneadh. Dá réir sin, tá an dréacht-Chinneadh i gcomhréir le tuairim an Choiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an Iorua de bhun Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus fad ama na mbeart atá le cur i bhfeidhm i gcriosanna cosanta den sórt sin de bhun Airteagal 39 agus i gcriosanna faireachais den sórt sin de bhun Airteagal 55 den Rialachán Tarmligthe sin, tar éis ráigeanna d'fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis nó in éin faoi chuing, déantar iad a bhunú agus a fhormheas ar leibhéal Stáit LEE CSTE agus liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Áiritheoidh an Iorua:

a) go gcuimsíonn na criosanna cosanta arna mbunú ag a údaráis inniúla, i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, na limistéir a liostaítear ar a laghad mar chriosanna cosanta i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

b) go gcoimeádtar ar siúl na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, dá bhforáiltear in Airteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad go dtí na dátaí le haghaidh na gcriosanna cosanta a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Áiritheoidh an Iorua:

a) go gcuimsítear sna criosanna faireachais arna mbunú ag a údaráis inniúla, i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad na limistéir atá liostaithe mar chriosanna faireachais i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

b) go gcoimeádtar ar siúl na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna faireachais, dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad go dtí na dátaí le haghaidh na gcriosanna faireachais a leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a shínithe.

Airteagal 5

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an dáta is déanaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar dáta é ar a scoirfidh bearta rialaithe galar in aon cheann de na criosanna cosanta nó faireachais de bheith infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 39 nó le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, de réir mar is ábhartha.

Airteagal 6

Is chuig an Iorua a dhírítear an Cinneadh seo.

Airteagal 7

Is i mBéarla a bheidh an Cinneadh seo barántúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Samhain 2021.

Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE, ag gníomhú dó faoi Chinneadh Tarmligthe Uimh. 130/20/COL,

Högni S. KRISTJÁNSSON
An Comhalta den Choláiste atá Freagrach

Melpo-Menie JOSÉPHIDÈS
Ag comhshíniú mar Stiúrthóir, Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Na criosanna cosanta san Iorua dá dtagraítear in Airteagail 1 Airteagal 2

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes agus Sola i gcontae Rogaland atá laistigh de gha 3 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79985 Soir: 5.60616	7.12.2021
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes agus Sola i gcontae Rogaland atá laistigh de gha 3 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79980 Thoir: 5.61022	14.12.2021

Cuid B

Na criosanna faireachais san Iorua dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 3

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes, Sola agus Time i gContae Rogaland, lasmuigh den limistéar ar a bhfuil cur síos sa chrios cosanta agus laistigh de gha 10 gciliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79985 Thoir: 5.60616	16.12.2021
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes agus Sola i gcontae Rogaland atá laistigh de gha 3 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79985 Thoir: 5.60616	Ón 8.12.2021 go dtí an 16.12.2021
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes, Sola agus Time i gContae Rogaland, lasmuigh den limistéar ar a bhfuil cur síos sa chrios cosanta agus laistigh de gha 10 gciliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79980 Thoir: 5.61022	23.12.2021
Na codanna de na bardais Klepp, Sandnes agus Sola i gcontae Rogaland atá laistigh de gha 3 chiliméadar ag a bhfuil mar lár na comhordanáidí GPS Thuaidh: 58.79980 Thoir: 5.61022	Ón 15.12.2021 go dtí an 23.12.2021